**POBLACHT NA FRAINCE**

An Aireacht Comhpháirtíochta le Críocha agus Dílárú

# Foraithne Uimh de

# maidir leis na coinníollacha chun Airteagal L.1214-8-3 den Chód Iompair a chur i bhfeidhm

NOR: TRET2326169D

***Spriocphobal:*** *seirbhísí cúnaimh taistil dhigiteach arb é is aidhm dóibh taisteal aonmhódach nó ilmhódach a éascú trí bhíthin seirbhísí iompair, feithiclí, rothar, gléasanna soghluaisteachta pearsanta nó de chois.*

***Ábhar:*** *lena gcinntear na nósanna imeachta chun Airteagal L.1214-8-3 den Chód Iompair a chur i bhfeidhm.*

***Teacht i bhfeidhm:*** *tiocfaidh an téacs i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.*

***Fógra:*** *sonraítear leis an bhForaithne na nósanna imeachta chun forálacha Airteagal L.1214-8-3 den Chód Iompair maidir le rochtain ar shonraí ábhartha ó sheirbhísí cúnaimh taistil dhigiteach chuig Údaráis Eagrúcháin Soghluaisteachta a chur i bhfeidhm chun an tsoghluaisteacht laistigh dá ndlínse chríochach a thuiscint, d'fhonn roghanna malartacha ábhartha ar úsáid eisiach na feithicle aonair a chur chun cinn, go háirithe i gcriosanna soghluaisteachta astaíochtaí ísle, agus measúnú a dhéanamh ar thionchar straitéisí aistrithe modhanna iompair, go háirithe leordhóthanacht saoráidí páirceála agus taistil. Sonraítear san Fhoraithne na sonraí lena mbaineann, na socruithe chun na sonraí a rochtain agus a dhaingniú, agus na socruithe chun na hábhair sonraí a chur ar an eolas.*

***Tagairtí:*** *eisítear an Fhoraithne seo maidir le cur i bhfeidhm Airteagal L.1214-8-3 den Chód Iompair a eascraíonn as Airteagal 109 de Dhlí Uimh. 2021-1104 an 22 Lúnasa 2021 maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus athléimneacht i leith a éifeachtaí a neartú. Is féidir breathnú air ar shuíomh gréasáin Légifrance (http://www.legifrance.gouv.fr).*

Dréacht

**An Príomh-Aire,**

Ar thuarascáil an Aire Toscaire don Aire Comhpháirtíochta le Críocha agus Dílárú, atá freagrach as Iompar,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse

na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise, agus go háirithe Fógra Uimh 2022/64/F;

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin;

Ag féachaint don Chód Iompair, go háirithe Airteagal L. 1214-8-3 de;

Ag féachaint do Dhlí Uimh. 2021-1104 an 22 Lúnasa 2021 maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus athléimneacht i gcoinne a éifeachtaí a neartú, go háirithe Airteagal 109 de;

Ag féachaint don tuairim ón gComhairle Náisiúnta um Meastóireacht ar Chaighdeáin dar dáta 10 Deireadh Fómhair 2024;

Ag féachaint don tuairim ó Údarás Cosanta Sonraí na Fraince dar dáta an 19 Meán Fómhair 2024;

**Foraitheanta leis seo:**

**Airteagal 1**

I. – Leasaítear Caibidil IV de Theideal I de Leabhar II de Chuid a hAon den Chód Iompair (Cuid Rialála) mar a leanas:

1) Cruthaítear leis seo Roinn 5, dar teideal: “ Forálacha a bhaineann le seirbhísí cúnaimh taistil dhigiteach”, ina n-áirítear Airteagail D.1214-13 go D.1214-18, leis an bhfoclaíocht seo a leanas:

“ *Roinn 5*
“ *Forálacha maidir le seirbhísí cúnaimh taistil dhigiteach*

“ *Airteagal D. 1214-13.* – Is iad na sonraí taistil agus tráchta ábhartha atá i seilbh na seirbhísí cúnaimh taistil dhigiteach dá dtagraítear in I d’Airteagal L.1214-8-3 ná na sonraí seo a leanas:

- Rianstampa ama;
- Aitheantóir uathúil bealaigh;
- Stampa ama an tsuímh;
- Domhanleithead;
- Domhanfhad;
- Ceannteideal;
- Luas meandrach;
- Modh iompair.

“ *Airteagal D. 1214-14.* - An iarraidh ar sholáthar na sonraí ábhartha de réir bhrí I d’Airteagal L. 1214-8-3 a dhéanfaidh na hÚdaráis Eagrúcháin Soghluaisteachta, ní fhéadfaidh sí baint a bheith aici ach le sonraí a eascraíonn as próiseas anaithnidithe sonraí dá dtagraítear in Airteagal D. 1214-13 agus a bhfuil gá lena n-úsáid chun na críocha a shainmhínítear in III d’Airteagal L. 1214-8-3 a shaothrú.

Dréacht

“ *Airteagal D. 1214-15.* – - Chun críocha I d’Airteagal L. 1214-8-3, ceanglaítear ar na Seirbhísí Cúnaimh Taistil Dhigiteach na sonraí dá dtagraítear in Airteagal D.1214-13 a anaithnidiú. Leis an modh anaithniditheá a roghnaítear, ní mór anaithnidiú do-aisiompaithe na sonraí a ráthú i gcomhréir leis an úrscothacht, agus faisnéis ábhartha agus inúsáidte á soláthar ag an am céanna chun freastal ar riachtanais na nÚdarás Eagrúcháin Soghluaisteachta. Ní mór an fhaisnéis a chuirtear ar fáil do na hÚdaráis Eagrúcháin Soghluaisteachta a chur i láthair i bhformáid oscailte, atá éasca le húsáid agus insaothraithe ag córas próiseála uathoibrithe.

“ *Airteagal D. 1214-16.* – Cuirfidh seirbhísí cúnaimh taistil dhigiteach a fhaigheann iarraidh ó údarás a eagraíonn soghluaisteacht chun sonraí a chur ar fáil na húsáideoirí lena mbaineann ar an eolas faoi chur chun feidhme oibríochta próiseála arb é is aidhm di a sonraí taistil a anaithnidiú, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.”.

“ Airteagal D. 1214-17. – Féadfaidh na seirbhísí cúnaimh taistil dhigiteach cúiteamh airgeadais a fháil as na costais a bhaineann le hanaithnidiú sonraí, a sholáthraíonn faisnéis mhionsonraithe don Údarás Eagrúcháin Soghluaisteachta maidir leis na costais a eascraíonn as an anaithnidiú.

“ Airteagal D. 1214-18. De bhun fhorálacha Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, cuirfidh seirbhísí cúnaimh taistil dhigiteach bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun feidhme agus an próiseas anaithnidithe sonraí dá dtagraítear in Airteagal D.1214-13 á chur chun feidhme.

**Airteagal 2**

Beidh an tAire Comhpháirtíochta le Críocha agus Dílárú agus an tAire a ghabhann leis an Aire Comhpháirtíochta le Críocha agus Dílárú, atá i gceannas ar Iompar, freagrach, a mhéid a bhaineann sé leis nó léi, as an bhForaithne seo a chur i ngníomh, agus foilseofar í san *Iris Oifigiúil* Phoblacht na Fraince.

Arna dhéanamh an XXX 2024.

Ag an bPríomh-Aire:
Michel BARNIER

An tAire Comhpháirtíochta le Críocha agus Dílárú,
Catherine VAUTRIN

An tAire Toscaire don Aire Comhpháirtíochta leis na Críocha agus Dílárú, atá freagrach as Iompar,
François DUROVRAY

Dréacht